



2026/2032

14.9.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2032 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Meán Fómhair 2026

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/740 a mhéid a bhaineann le caighdeán chomhchuibhithe maidir le foirne turgnaimh le haghaidh gníomhaíochtaí ceimice agus gníomhaíochtaí gaolmhara, formaimid in ábhair bréagán cúir agus lasairmhoillithigh fosfair chlóirínithe áirithe in ábhair bréagán

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe d'Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, bréagáin atá i gcomhréir le caighdeán chomhchuibhithe nó le codanna díobh, caighdeán ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil siad i gcomhréir leis na ceanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó leis na codanna sin díobh agus a leagtar amach in Airteagal 10 den Treoir sin, agus in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin.
- (2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022)7410 ⁽³⁾, d'iarr an Coimisiún ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictreicniúil (Cenelec) caighdeán chomhchuibhithe nua i ndáil le bréagáin a dhréachtú agus caighdeán chomhchuibhithe i ndáil le bréagáin atá ann cheana a athbhreithniú chun tacú leis na ceanglais fhíor-riachtanacha sábháilteachta a leagtar amach i dTreoir 2009/48/CE (an 'iarraidh').
- (3) Ar bhonn na hiarrata, rinne CEN athbhreithniú ar chaighdeán chomhchuibhithe EN 71-4:2020 'Sábháilteacht bréagán – Cuid 4: Foirne turgnaimh le haghaidh gníomhaíochtaí ceimice agus gníomhaíochtaí gaolmhara, ar foilsíodh na tagairtí dó in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/740 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾. Mar thoradh air sin, ghlac CEN caighdeán chomhchuibhithe EN 71-4:2020+A1:2025. Thairis sin, ar bhonn na hiarrata, ghlac CEN caighdeán nua EN 71-15:2025 'Sábháilteacht bréagán – Cuid 15: Formaimid in ábhair bréagán cúir (cion) agus EN 71-16:2025 Sábháilteacht bréagán – Cuid 16: Lasairmhoillithigh fosfair chlóirínithe áirithe (TCEP, TCPP, TDCP) in ábhair bréagán.
- (4) Rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhar le CEN, féachaint an gcomhlíonann caighdeán EN 71-4:2020+A1:2025, EN 71-15:2025 agus EN 71-16:2025 an iarraidh.
- (5) Le caighdeán chomhchuibhithe EN 71-4:2020+A1:2025, EN 71-15:2025 agus EN 71-16:2025, comhlíontar na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta is aidhm dóibh a chumhdach agus a leagtar amach in Airteagal 10 de Threoir 2009/48/CE. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeán chomhchuibhithe sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (6) San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/740, liostaítear na tagairtí do na caighdeán chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2009/48/CE. Chun a áirithiú gur in aon ghníomh amháin a liostófar na tagairtí do chaighdeán chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2009/48/CE, ba cheart na tagairtí do chaighdeán chomhchuibhithe EN 71-4:2020+A1:2025, EN 71-15:2025 agus EN 71-16:2025 a chuimsiú san Iarscríbhinn sin.

⁽¹⁾ IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj>.

⁽²⁾ Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le sábháilteacht bréagán (IO L 170, 30.6.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/48/oj>).

⁽³⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022)7410 ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2022 maidir le iarraidh um chaighdeánú i ndáil le bréagáin chuig an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus chuig Coiste Eorpach na gCaighdeán Leictreicniúil chun tacú le Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

⁽⁴⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/740 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2023 maidir le caighdeán chomhchuibhithe i ndáil le bréagáin a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 96, 5.4.2023, lch. 85, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/740/oj).

- (7) Cuirtear caighdeán comhchuibhithe EN 71-4:2020+A1:2025 in ionad chaighdeán comhchuibhithe EN 71-4:2020. Dá bhrí sin is iomchuí na tagairtí don chaighdeán sin a tharraingt siar d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ionas go mbeidh a ndóthain ama ag monaróirí bréagán a gcuid táirgí a chur in oiriúint do na sonraíochtaí athbhreithnithe i gcaighdeán EN 71-4:2020+A1:2025, is gá tarraingt siar na dtagairtí do chaighdeán comhchuibhithe EN 71-4 2020 a chur siar.
- (8) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/740 a leasú dá réir sin.
- (9) Is éard a thugtar le fios le caighdeán comhchuibhithe a chomhlíonadh go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais fhíor-riachtanacha chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais ón dáta a fhoilsítear an tagairt don chaighdeán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/740 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointe (1) den Iarscríbhinn ón 14 Márta 2028.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear mar a leanas an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/740:

- (1) scriostar ró 4;
(2) cuirtear isteach ró 4a seo a leanas:

Uimh.	Uimhir thagartha an chaighdeáin
'4a.	EN 71-4:2020+A1:2025 Sábháilteacht bréagán - Cuid 4: Foirne turgnaimh le haghaidh gníomhaíochtaí ceimice agus gníomhaíochtaí gaolmhara;

- (3) cuirtear isteach rónna 12 agus 13 seo a leanas:

'12.	EN 71-15: 2025 Sábháilteacht bréagán – Cuid 15: Formaimíd in ábhair bréagán cúir (cion).
13.	EN 71-16:2025 Sábháilteacht bréagán - Cuid 16: Lasairmhoillithigh fosfair chlóirínithe áirithe (TCEP, TCPP, TDCP) in ábhair bréagán'.